# Oireachtas na Samhna 2026

# An dáta deiridh d'iarratais: 16:00 an 27 Bealtaine 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách le haghaidh craoladh trasardáin (idir ábhar líneach teilifíse agus neamh-líneach ar TG4.ie) a chur ar fáil ó Oireachtas na Samhna (2026) do TG4.

Chomh maith leis an gcraoladh beo, is mian linn 4 x 50' clár athphacáistithe a bhaint as an méid a chraoltar le linn na Féile freisin.

Buiséad do gach gné: €250,000 an uasmhéid

Beidh buiséad iomlán ag teastáil ar teimpléad buiséad TG4.

## Céad Am Craolta:

**Bliain:** Craoladh beo trasardáin ó Oireachtas na Samhna 2026 agus athphacáistiú

**Suíomh:** Cill Áirne, Co Ciarraí

**Dátaí:** Deireadh Fómhar / Samhain 2026

## Formáid:

Beidh an **Craoladh Beo Trasardáin** a leanas i gceist ar na hócáidí seo a leanas;

1. *Na Gradaim Chumarsáide*
   Sruth beo ar líne (www.TG4.ie nó YouTube TG4)
   Faid: 2 uair an chloig

2. *Comórtais Ardáin*
   Sruth beo ar líne (www.TG4.ie) thar dhá lá
   – Agallamh Beirte – Daoine Fásta * / Fad: 60 nóiméad
   – Sceitse – Daoine Fásta * / Fad: 60 nóiméad
   – Comórtas Sean-Nós na mBan / Fad: 120 nóiméad

- Lúibíní - Daoine Fásta * / Fad: 60 nóiméad
- Amhrán Nuachumtha – Daoine Fásta * / Fad: 60 nóiméad
- Comórtas Sean-Nós na bhFear / Fad: 120 nóiméad

**Nó ábhair atá coibhéiseach leis*

- **Sruthú Déardaoin:** 4 uair an chloig
- **Sruthú Dé hAoine:** 4 uair an chloig

3. <u>*Corn Uí Riada*</u>
   Taifeadadh ilcheamara agus sruth beo ilardáin
   Fad: 180 nóiméad

4. <u>*Steip*</u>
   Craoladh beo líneach ar na Príomhchomórtais Damhsa ar an Sean-Nós ar TG4
   Fad: 210 nóiméad (3 uair 30 nóim)

5. <u>*Lár Stáitse*</u>
   Ceiliúradh ar chomórtais stáitse do dhaoine óga. Craoladh ar bhabhta craoibhe ó chomórtas éigean mar atá roghnaithe ag TG4 agus ag Oireachtas na Gaeilge
   Fad: 90 nóiméad **Nó ábhair atá coibhéiseach leis dírithe ar pháistí & teaghlaigh ag an Oireachtas**

<u>Athphacáistiú do sceideal na Nollag:</u>

- Buaicphointí ‘Steip’ (1 x 50 nóiméad)
- Buaicphointí ‘Steip na nÓg’ (1 x 50 nóiméad)
- Buaicphointí ‘Corn Uí Riada’(1 x 50 nóiméad)
- Buaicphointí “Scoth na gComórtas Ardán” (1 x 50 nóiméad)

**Is é Oireachtas na Samhna mórócáid chultúir na nGael. Ní mór Gaeilge a bheith ar a dtoil ag an gcriú agus ag an bhfoireann léiriúcháin ar fad.**

Beidh cearta saoil ilardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Oireachtas na Samhna 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Julieann Ní Fhátharta - Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

*Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

Beidh feidhm ag clásal scoir bliantúil agus féadfar é a ghníomhachtú roimh an 1 Samhain gach bliain.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*